Tuarascáil Dlí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuarascáil nua dlí.

An bhfuil na focail ar eolas agat? Ceangail na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. giúiré	a. legislation
2. Athchóiriú an Dlí	b. representative
3. ní mór duit	c. Law Reform
4. saoránach	d. acceptable
5. ionadaíoch	e. jury
6. inghlactha	f. citizen
7. reachtaíocht	g. advisory paper
8. páipéar comhairleach	h. the same, thus
9. amhlaidh	i. abstract
10. aicmí	j. biased
11. ó dhualgas giúiré	k. you have to
12. teibí	l. classes
13. claonta	m. from jury duty

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír den dara huair agus líon na bearnaí sa script leis an fhocal cuí ó na focail thuas.

Eimear Ní Chonaola
Ba chóir go mbeadh cead ag daoine nár rugadh sa tír seo a bheith ar _____ ach iad a bheith ina gcónaí sa tír seo le cúig bliana. Sin ceann de na moltaí atá i dtuarascáil an Choimisiúin um _____ a foilsíodh tráthnóna. Moltar freisin nár chóir daoine a chur as an áireamh mar go bhfuil postannaí áirithe acu.

Ruairí Mac Con Iomaire
Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair _____ a bheith i do _____ den tír seo le freastal ar ghiúiré i gcúirteanna na tíre. De réir Coimisiúin um Athchóiriú an Dlí, áfach, leis an athrú mór atá tagtha ar dhaonra na tíre le blianta anuas, nach gá go bhfuil an cur chuige úd _____ níos mó ar an tsochaí. Tá sé mar cheann de bhreis is leathchéad moladh atá i dtuarascáil atá seolta tráthnóna ag an gcoimisiún, go gceadófaí do dhaoine nach saoránaigh iad de chuid na tíre seo iad, ach atá tar éis cúig bliana ar a laghad a chaitheamh ina gcónaí sa tír a bheith _____ do sheirbhís ghiúiré. Meastar go bhfágfadh a leithéid d'athrú suas le dhá chéad míle duine breise a bheith ar fáil do sheirbhís ghiúiré sa tír.

Aodh Ó Coileáin
Téann an _____ a bhaineann le giúiréithe siar go dtí an bhliain 1976 agus de réir…tá sé in am féachaint air agus bhí _____ ann i 2010 agus tá an tuairisc a foilsíodh inniu ag teacht leis an bpáipéar sin. An rud is mó atá ann ná go dtabharfaí cead do dhaoine nach saoránaigh iad vótáil, mar shampla, tá Éireannaigh i Sasana agus is féidir leo bheith ar ghiúiréithe ansin agus ba cheart go mbeadh an rud céanna _____ anseo.

Ruairí Mac Con Iomaire
I measc na moltaí eile atá sa tuarascáil tá an coimisiún ag iarraidh go mbeadh cúis mhaith ag daoine in _____ áirithe oibre le hiad féin a scaoileadh _____, leithéidí dochtúirí, múinteoirí agus oibrithe sa tseirbhís phoiblí. Chomh maith le déileáil le ceisteanna _____ eile.

Aodh Ó Coileáin
Tá an teicneolaíocht imithe ar aghaidh go mór ó 1976 agus caithfear súil a choimeád ar fhearais ar nós fónanna póca agus Wi-Fi agus mar sin de, nach mbeadh daoine ar ghiúiréithe ag déanamh taighde ar na daoine atá os comhair na cúirte agus b'fhéidir go mbeadh a gcuid tuairimí _____ dá mbeadh an iomarca taighde ar bun acu.

Ceist 3 Léigh an script thuas a fhad is a éisteann tú leis an mhír arís agus freagair na ceisteanna. Féach cad atá ag an duine in aice leat.

1. Luaigh roinnt moltaí a dhéantar sa tuarascáil?
2. Cén fáth nach bhfuil an giúiré ionadaíoch dár sochaí sa lá atá inniu ann?
3. Cén fáth ar luadh an dá bhliain seo: 1976 agus 2010?
4. Cad a dúradh faoi thionchar na teicneolaíochta ar an ghiúiré?

Ceist 4. *'…cead…', '…giúiré…'* agus *'…tíre…'*

Caol nó leathan?

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Duine A: Clúdaigh na focail i gcolún Duine B. Léigh amach na focail atá sa cholún faoi Duine A don duine in aice leat. Beidh ar Duine B na focail a scríobh síos sa cholún folamh faoi Duine B. Ansin beidh air na samplaí den ***t, s*** agus ***r*** leathan agus caol a rá leat.

Duine B: Scríobh síos na focail a léann an duine eile amach duit sa cholún folamh faoi Duine B. Cuir líne faoi na samplaí den ***t, s*** agus ***r*** leathan agus caol agus abair amach iad don duine in aice leat.

Malartaígí róil.

Duine A	Duine A	Duine B	Duine B
Sásta		**Daoine**	
Deartháir		**Deirfiúr**	
Teach		**Dochtúir**	
Duine		**Tit**	
Deoch		**Furasta**	
Tine		**Sean**	
Rothar		**Deor**	
Síle		**Tábhachtach**	
Fir		**Cait**	
Tomás		**Máthair**	

Ceist 5 '…*an reachtaíocht*…'

an t-alt + ainmfhocal.

Féach ar na focail seo sna boscaí:

Focail a thosaíonn le:	Firinscneach	Baininscneach
consan	an cat	an chistin
guta	an t-uisce	an áit
s	an siopa	an tsráid

Anois cuir an t-alt (uatha) leis na focail a bhí sa script:

giúiré: _____
saoránach: _____
cúirt: _____
athrú: _____
moladh: _____
Éireannach: _____
aicme: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach giúiré a bheith i gcúirt?
- Ar mhaith leat a bheith mar chuid de ghiúiré lá éigin? Cén fáth?
- Ar cheart go mbeadh cead ag an ghiúiré taighde a dhéanamh ar na daoine os comhair na cúirte? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
e	c	k	f	b	d	a	g	h	l	m	i	j

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1. Go mbeadh (i) cead ag daoine, nach saoránaigh na hÉireann iad ach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn le níos mó na cúig bliana, a bheith mar chuid de ghiúiré; (ii) nach mbeadh daoine a bhfuil poist áirithe acu saor ó dhualgas giúiré agus (iii) go ndéanfaí athbhreithniú ar thionchar na teicneolaíochta ar an ghiúiré.
2. Tá athrú mór tagtha ar dhaonra na tíre – is é sin go bhfuil a lán daoine in Éirinn anois nach Éireannaigh ó dhúchas iad. Mura seasann aon duine do na daoine sin sa ghiúiré ní féidir a rá gur léiriú maith é ar dhaonra na tíre.
3. 1976: Téann an reachtaíocht a bhaineann le giúiréithe siar go dtí an bhliain 1976.
   2010: Foilsíodh páipéar comhairleach in 2010 agus tá an tuairisc a foilsíodh inniu ag teacht leis an bpáipéar sin.
4. Tá fás iontach i ndiaidh teacht ar an teicneolaíocht ó 1976 agus tá an dainséar ann go mbeadh daoine ag baint úsáid as fóin phóca agus idirlíon gan sreang chun taighde a dhéanamh ar na daoine atá os comhair na cúirte sa dóigh is go mbeadh a gcuid tuairimí claonta dá mbeadh an iomarca taighde ar bun acu.

Ceist 4

Is cleachtadh foghraíochta é seo. Téigh siar ar na fuaimeanna atá i ngach focal nuair atá na focail léite amach ag gach beirt.

Ceist 5

giúiré:	*an giúiré*
saoránach:	*an saoránach*
cúirt:	*an chúirt*
athrú:	*an t-athrú*
moladh:	*an moladh*
Éireannach:	*an tÉireannach*
aicme:	*an aicme*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Ba chóir go mbeadh cead ag daoine nár rugadh sa tír seo a bheith ar ghiúiré ach iad a bheith ina gcónaí sa tír seo le cúig bliana[i]. Sin ceann de na moltaí atá i dtuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a foilsíodh tráthnóna. Moltar freisin nár chóir daoine a chur as an áireamh mar go bhfuil postannaí[ii] áirithe acu.

Ruairí Mac Con Iomaire
Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair ní mór duit a bheith i do shaoránach den tír seo le freastal ar ghiúiré i gcúirteanna na tíre. De réir Coimisiúin um Athchóiriú an Dlí áfach, leis an athrú mór atá tagtha ar dhaonra na tíre le blianta anuas, nach gá go bhfuil an cur chuige úd ionadaíoch níos mó ar an tsochaí[iii]. Tá sé mar cheann de bhreis is leathchéad moladh atá i dtuarascáil atá seolta tráthnóna ag an gcoimisiún, go gceadófaí do dhaoine nach saoránaigh iad de chuid na tíre seo iad, ach atá tar éis cúig bliana ar a laghad a chaitheamh ina gcónaí sa tír a bheith inghlactha do sheirbhís ghiúiré. Meastar go bhfágfadh a leithéid d'athrú suas le dhá chéad míle duine breise a bheith ar fáil do sheirbhís ghiúiré sa tír.

Aodh Ó Coileáin
Téann an reachtaíocht a bhaineann le giúiréithe siar go dtí an bhliain 1976 agus de réir…tá sé in am féachaint air agus bhí páipéar comhairleach ann in 2010 agus tá an tuairisc a foilsíodh inniu ag teacht leis an bpáipéar sin. An rud is mó atá ann ná go dtabharfaí cead do dhaoine nach saoránaigh iad vótáil, mar shampla, tá Éireannaigh i Sasana agus is féidir leo a bheith ar ghiúiréithe ansin agus ba cheart go mbeadh an rud céanna amhlaidh anseo.

Ruairí Mac Con Iomaire
I measc na moltaí eile atá sa tuarascáil tá an coimisiún ag iarraidh go mbeadh cúis mhaith ag daoine in aicmí áirithe oibre le hiad féin a scaoileadh ó dhualgas giúiré, leithéidí dochtúirí, múinteoirí agus oibrithe sa tseirbhís phoiblí. Chomh maith le déileáil le ceisteanna teibí eile.

Aodh Ó Coileáin
Tá an teicneolaíocht imithe ar aghaidh go mór ó 1976 agus caithfear súil a choimeád ar fhearais[iv] ar nós fónanna[v] póca agus Wi-Fi agus mar sin de, nach mbeadh daoine ar ghiúiréithe ag déanamh taighde ar na daoine atá os comhair na cúirte agus b'fhéidir go mbeadh a gcuid tuairimí claonta dá mbeadh an iomarca taighde ar bun acu.

Ruairí Mac Con Iomaire
Ruairí Mac Con Iomaire, Nuacht TG4.

[i] *le chúig bhliana* a deirtear
[ii] *poist* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] *ar an sochaí* a deirtear
[iv] *ar fearais* a deirtear
[v] *fóin* atá sa chaighdeán oifigiúil